Ag Siúl chun an Bhaile ó Scoil

Tasc A

Rólimirt

Cuir i gcéill go bhfuil tusa agus do chara ag siúl abhaile i ndiaidh am scoile. Tosaíonn comhrá faoi na rudaí a tharla ar scoil an lá sin agus pléifidh sibh socruithe an tráthnóna sin.
Smaoinigh ar na heachtraí a tharla ar scoil – sa tseomra ranga, sa chlós agus sa halla dinnéir.
Bain úsáid as na ceisteanna seo a leanas le tacú leis an chomhrá. Bí cinnte go mbíonn seal ag an bheirt agaibh na ceisteanna a fhreagairt. Ná déan dearmad freagairt leis an bhriathar nuair is féidir.

1. **An raibh lá maith agat ar scoil inniu?**
2. **Cad é an rud is fearr a tharla duit ar scoil inniu?**
3. **Ar fhoghlaim tú rud ar bith suimiúil ar scoil inniu?**
4. **Ar thaitin an rang mata leat inniu? Cén fáth?**
5. **Cad é a rinne tú ag am sosa inniu?**
6. **Ar léigh tú leabhar inniu? Inis dom faoin leabhar.**
7. **Cén lá a bhíonn spórt agaibh ar scoil?**
8. **Cén sórt obair bhaile a bhí agat aréir?**
9. **Ar mhaith leat bualadh liom níos moille? Nó an bhfuil fonn ort cluiche a imirt ar líne?**

Seo frásaí úsáideacha agus cora cainte le tacú leat

- Mo mhúinteoir
- An t-ábhar scoile is fearr liom
- Taitníonn/ Ní thaitníonn
- D'fhoghlaim mé
- Sa mhata
- Léigh mé
- D'imir mé peil./ D'imir mé cluichí.
- An rud is fearr a tharla dom ná ...
- Is grá liom An Domhan Thart Orainn/An Ghaeilge/Ealaín srl.
- Bím ag díriú isteach ar mo chuid oibre.
- Is oibrí díograiseach mé.
- Buailfidh mé leat níos moille i ndiaidh dom m'obair baile a chríochnú.

Seanfhocail

Is aoibhinn beatha an scoláire

Samhlacha

Chomh fada le lá samhraidh
Chomh fada le lá fliuch

© CCEA 2022

Ag Siúl chun an Bhaile ó Scoil

Tasc B

1. Iontráil Dialainne

Roghnaigh lá a chaith tú ar scoil. Déan cur síos ar an lá seo ag úsáid na haimsire caite. Cuimhnigh ar na rudaí seo:

- Scríobh an dáta ag barr an leathanaigh.
- Smaoinigh siar ar do lá – ó thús go deireadh.
- Bain úsáid as briathra san aimsir cháite – m.sh. Chuaigh mé, Scríobh mé, D'éist mé, Phléigh mé, Bhí mé ag súgradh, D'imir mé. Scríobh liosta de na briathra a bhainfidh tú úsáid astu le cuidiú leat ar phíosa páipéir.
- Smaoinigh ar aidiachtaí le saibhreas (snas) a chur ar abairtí s'agat.
- Cuimhnigh ar an phoncaíocht chuí a chur isteach.
- Léigh siar ar an méid a scríobh tú agus cuir isteach athruithe ar bith atá de dhíth.

2. Fiosrúchan – Scoileanna ar fud an domhain

Faigh eolas faoi scoileanna i dtíortha eile. Roghnaigh tír agus aimsigh eolas faoi pháistí ag dul ar scoil ansin. Seo roinnt ceisteanna a chuideoidh leat:

1. Cé acu tír a roghnaigh tú?
2. Cén t-am a thosaíonn páistí scoil ar maidin agus cén t-am a chríochnaíonn siad gach lá?
3. An mbíonn páistí saor ón scoil ag an deireadh seachtaine?
4. Cad iad na hábhair a dhéanann siad ar scoil?
5. An bhfanann siad ar scoil ag am lóin?
6. Cén sórt bia a itheann na páistí ag am sosa agus ag am lóin?
7. Cad iad na cluichí a imríonn na páistí sa chlós?
8. An mbíonn obair bhaile ag na páistí sa tír sin?

Thiocfadh an tasc seo a dhéanamh i mbeirteanna nó mar obair ghrúpa. Breac na fíricí ar bhealach cruthaitheach agus déan an t-eolas a roinnt leis an chuid eile den rang.

© CCEA 2022